C/2024/6842

12.11.2024

AN COIMISIÚN RIARACHÁIN UM CHOMHORDÚ NA gCÓRAS SLÁNDÁLA SÓISIALTA

CINNEADH Uimh. E8

an 14 Márta 2024

maidir le nós imeachta um bainistiú athruithe a bhunú a bhfuil feidhm aige maidir le mionsonraí na gcomhlachtaí a shainítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a liostaítear san eolaire leictreonach ar dlúthchuid é de EESSI

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus an Comhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis)

(C/2024/6842)

TÁ AN COIMISIÚN RIARACHÁIN UM CHOMHORDÚ NA gCÓRAS SLÁNDÁLA SÓISIALTA,

Ag féachaint d'Airteagal 72(d) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta ([1]), faoina bhfuil an Coimisiún Riaracháin freagrach as comhrialacha struchtúracha a ghlacadh maidir le seirbhísí próiseála sonraí agus as forálacha a fhorbairt maidir leis an gcuid choiteann de na seirbhísí sin a oibriú,

Ag féachaint d'Airteagal 88 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (dá ngairtear anseo feasta: Rialachán Cur Chun Feidhme),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 71(2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceann de na gnéithe a bhaineann le nuachóiriú an chórais comhordúcháin idir na scéimeanna slándála sóisialta náisiúnta is ea eolaire leictreonach a bhunú (dá ngairtear anseo feasta: Stóras Institiúidí) ina bhfuil sonraí na gcomhlachtaí náisiúnta a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 4, pointe 1, den Rialachán Cur Chun Feidhme.

(2) Is iad na Ballstáit atá freagrach as cruinneas agus cáilíocht na faisnéise a chuirtear isteach sa Stóras Institiúidí agus as é a choimeád cothrom le dáta.

(3) Is gá nós imeachta um bainistiú athruithe a bhunú, lena n-áiritheofar go ndéanfar athruithe ar inneachar an Stórais Institiúidí sin a phróiseáil ar bhealach struchtúrtha, comhsheasmhach agus tráthúil, agus sa chaoi gur féidir iniúchadh a dhéanamh orthu.

(4) Leagtar amach in Airteagal 88(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme an oibleagáid atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi shonraí na gcomhlachtaí a shainítear in Airteagal 1(m), (q) agus (r) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus in Airteagal 1(2)(a) agus (b) den Rialachán Cur Chun Feidhme, agus faoi shonraí na n-institiúidí arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

(5) Thoiligh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Riaracháin.

(6) De réir Airteagal 88(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme, bunóidh an Coimisiún Riaracháin an struchtúr, an t-inneachar agus na socruithe mionsonraithe, lena n-áireofar an fhormáid choiteann agus an tsamhail choiteann, maidir le fógra a thabhairt,

([1]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
([2]) IO L 284, 30.10.2009, lch. 1.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

1. Leagtar síos leis an gCinneadh seo na rialacha maidir le nós imeachta um bainistiú athruithe i ndáil le sonraí údarás inniúil, institiúidí náisiúnta, comhlachtaí idirchaidrimh agus pointí rochtana mar a shainítear in Airteagal 1(m), (q) agus (r) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus in Airteagal 1(2)(a) agus (b) den Rialachán Cur Chun Feidhme.

2. Tá feidhm ag an nós imeachta um bainistiú athruithe maidir le hinneachar an eolaire leictreonaigh, dá ngairtear an Stóras Institiúidí.

3. Cumhdófar sa Stóras Institiúidí na comhlachtaí náisiúnta lena mbainfidh an méid seo a leanas:

   a) tá siad rannpháirteach i malartú leictreonach faisnéise idir na húdaráis slándála sóisialta agus institiúidí na mBallstát,

   b) déantar tagairt dóibh laistigh de na Doiciméid Leictreonacha Struchtúrtha (mar a shainítear in Airteagal 1(2)(d) den Rialachán Cur Chun Feidhme),

   c) chuir siad seirbhísí ar fáil do shaoránaigh san am atá thart ach tá siad dúnta san am i láthair.

4. Cuimseofar inniúlachtaí na gcomhlachtaí náisiúnta sin sa Stóras Institiúidí freisin, mar a shainítear i bpointe 9(c).

5. Is é an Stóras Institiúidí an t-aon fhoinse iontaofa a bheidh ann maidir leis na húdaráis inniúla, na hinstitiúidí náisiúnta, na comhlachtaí idirchaidrimh agus na pointí rochtana a leagan amach.

6. Ceapfaidh gach Ballstát teagmhálacha a bheidh freagrach as an bhfaisnéis ghnó agus theicniúil a thabhairt isteach sa Stóras Institiúidí i dtús báire agus a bhainistiú ina dhiaidh sin (i.e. Pointe Teagmhála Aonair Gnó an Stórais Institiúidí dá ngairtear anseo feasta: PTA Gnó an Stórais Institiúidí agus Pointe Teagmhála Aonair Teicniúil an Stórais Institiúidí dá ngairtear anseo feasta: PTA Teicniúil an Stórais Institiúidí, faoi seach). Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí freisin le haghaidh gach ceann de PTAnna an Stórais Institiúidí (i.e. PTA Gnó an Stórais Institiúidí agus PTA Teicniúil an Stórais Institiúidí, faoi seach).

7. Ceapfaidh gach Ballstát lárphointe teagmhála maidir le EESSI le haghaidh gach Pointe Rochtana (PTA Pointe Rochtana dá ngairtear anseo feasta: PTA Pointe Rochtana). Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí freisin le haghaidh gach ceann de PTAnna Pointe Rochtana. Is iad sin na pointí teagmhála le haghaidh institiúidí agus comhlachtaí a bhaineann leis an bPointe Rochtana sin.

8. Chun críoch an nós imeachta seo, is é is athrú substaintiúil ann athrú a dhéanann difear do chur i bhfeidhm na Rialachán agus, dá bhrí sin, don chomhordú, sa mhéid is go bhféadfadh sé cur isteach ar Dhoiciméid Leictreonacha Struchtúrtha (SEDanna) a sheoladh nó a ródú chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht lena mbaineann.

9. Áirítear an méid seo a leanas, *inter alia*, le hathrú substaintiúil:

   a) comhlacht, institiúid, nó Pointe Rochtana a thabhairt isteach in EESSI;

   b) athruithe a bhaineann le feidhm comhlachta nó institiúide;

   c) athruithe a bhaineann le hinniúlacht comhlachta nó institiúide, i.e. an cumas cásanna úsáide gnó (BUC) a láimhseáil d'aon earnáil slándála sóisialta ag a bhfuil an cumas mar thionscnóir (Úinéir an Cháis) agus/nó glacadóir cáis (Contrapháirtí);

   d) dáta 'an rúin dúnadh a dhéanamh' a shocrú do chomhlacht, institiúid nó Pointe Rochtana; lena gceadaítear don chomhlacht nó don institiúid an inniúlacht a choinneáil chun cásanna leanúnacha a bhainistiú;

   e) dáta an 'dúnta iarbhír' a shocrú in EESSI do chomhlacht, institiúid nó Pointe Rochtana;

   f) comhlacht, institiúid nó Pointe Rochtana dúnta a athbhunú in EESSI;

   g) athruithe a bhaineann le faisnéis aitheantais Pointe Rochtana (AP).

10. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún Eorpach maidir le hathruithe substaintiúla ar shonraí a bhaineann lena údaráis inniúla, lena institiúidí náisiúnta, lena chomhlachtaí idirchaidrimh nó lena Phointí Rochtana, ar athruithe substaintiúla iad de réir na gcéimeanna a thuairiscítear sa nóta ón gCoimisiún Riaracháin maidir leis an *Process and notification periods to notify substantial changes* [Próiseas agus tréimhsí fógra chun fógra a thabhairt faoi athruithe substaintiúla].

11. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na hathruithe substaintiúla sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm agus urramóidh siad an tréimhse fógra a shonraítear sa nóta ón gCoimisiún Riaracháin maidir leis an *Process and notification periods to notify substantial changes* [Próiseas agus tréimhsí fógra chun fógra a thabhairt faoi athruithe substaintiúla]. Leis sin tugtar dóthain ama do Bhallstáit eile an fhaisnéis a phróiseáil agus a chur in iúl agus a n-institiúidí a ullmhú do na hathruithe atá le teacht.

12. I gcás ina ndéantar comhlacht nó institiúid a dhúnadh nó a fheidhm nó a inniúlacht a athrú, cuirfidh an Ballstát in iúl cén comhlacht nó institiúid a ghabhfaidh an fheidhm nó an inniúlacht lena mbaineann ar láimh agus an dáta ar a dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm. I gcás ina ndúntar Pointe Rochtana, cuirfidh an Ballstát in iúl cén Pointe Rochtana a ghabhfaidh a ról ar láimh.

13. Laistigh d'aon bhliain amháin tar éis fhoilsiú an Chinnidh san Iris Oifigiúil, déanfaidh an Coimisiún Riaracháin meastóireacht ar thaithí na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm an chinnidh seo.

14. Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón gcéad lá den dara mí tar éis a fhoilsithe.

15. Tagann an Cinneadh seo in ionad Chinneadh Uimh. E2 an 3 Márta 2010 ([3]).

Cathaoirleach an Choimisiúin Riaracháin
Marc MORSA

([3]) IO C 187, 10.7.2010, lch. 5.